



RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/187 ÓN gCOIMISIÚN
an 28 Eanáir 2026

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405 a mhéid a bhaineann leis na liostaí de thríú tíortha nó réigiúin sna tíortha sin a údaraítear i dtaobh coinsíneachtaí ainmhithe agus earraí áirithe a bheartaítear lena gcaitheamh ag an duine a theacht isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 agus Rialachán (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 127(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Leagtar síos le Rialachán (AE) 2017/625 rialacha maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí rialaithe eile arna ndéanamh ag údarais inniúla na mBallstát chun comhlíonadh reachtaíocht an Aontais a sheiceáil i réimse na sábháilteachta bia, i measc réimsí eile, ag aon céim den táirgeadh, den phróiseáil agus den dáileachán. Go háirithe, foráiltear le hAirteagal 126(2), pointe (a) de Rialachán (AE) 2017/625 go bhféadfar a cheangal le gníomh tarmilgthe nach bhféadfaidh ach coinsíneachtaí d'ainmhithe áirithe agus d'earraí áirithe ó thríú tír nó ó réigiún sa tír sin atá ar liosta arna tharraingt suas ag an gCoimisiún chun na críche sin a theacht isteach san Aontas.
- (2) Le Rialachán Tarmilgthe (AE) 2022/2292 ón gCoimisiún ⁽²⁾, déantar forlíonadh ar Rialachán (AE) 2017/625 trí cheanglais maidir le teacht isteach a leagan síos chun a áirithiú, i gcás coinsíneachtaí bia-ainmhithe agus earraí áirithe a bheartaítear lena gcaitheamh ag an duine ó thríú tíortha nó ó réigiún sna tíortha sin, go gcomhlíonfaidh na coinsíneachtaí sin na ceanglais ábhartha a bhunaítear sna rialacha maidir le sábháilteacht bia dá dtagraítear in Airteagal 1(2), pointe (a) de Rialachán (AE) 2017/625 nó ceanglais a aithnítear a bheith ar a laghad coibhéiseach leo. Go háirithe, saináithnítear in Airteagal 3 de Rialachán Tarmilgthe (AE) 2022/2292 na bia-ainmhithe agus na hearraí a bheartaítear lena gcaitheamh ag an duine agus atá faoi réir an cheanglais maidir le teacht isteach san Aontas ó thríú tír nó réigiún den tír sin amháin atá ar an liosta dá dtagraítear in Airteagal 126(2), pointe (a) de Rialachán (AE) 2017/625.
- (3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405 ón gCoimisiún ⁽³⁾ leagtar síos na liostaí de thríú tíortha nó réigiúin sna tíortha sin óna gceadaítear coinsíneachtaí d'ainmhithe agus earraí áirithe a bheartaítear lena gcaitheamh ag an duine a theacht isteach san Aontas i gcomhréir le hAirteagal 126(2)(a) de Rialachán (AE) 2017/625.

⁽¹⁾ IO L 95, 7.4.2017, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2017/625/oj>.

⁽²⁾ Rialachán Tarmilgthe (AE) 2022/2292 ón gCoimisiún an 6 Meán Fómhair 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais a bhaineann le coinsíneachtaí bia-ainmhithe áirithe agus earraí áirithe, atá beartaithe lena dtomhailt ag an duine, a thabhairt isteach san Aontas (IO L 304, 24.11.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2022/2292/oj).

⁽³⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos na liostaí de thríú tíortha nó réigiúin sna tíortha sin a údaraítear i dtaobh ainmhithe agus earraí áirithe a bheartaítear lena gcaitheamh ag an duine a theacht isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 114, 31.3.2021, lch. 118, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/405/oj).

- (4) Sainnithnítear in Airteagal 3 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292 na bia-ainmhithe agus na hearraí a bheartaítear lena gcaitheamh ag an duine agus atá faoi réir an cheanglais maidir le teacht isteach san Aontas ó thríú tír nó réigiún den tír sin amháin atá ar liosta arna tharraingt suas ag an gCoimisiún. Ar na hainmhithe agus earraí sin tá ullmhóidí feola coinín feirme, leipirideach fiáin agus mamach talún fiáin seachas crúbacha agus leipiridigh agus dá bhrí sin, ba cheart iad a chur leis na táirgí a chumhdaítear le hAirteagal 8 agus Airteagal 9 faoi seach de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405. Ina theannta sin, a mhéid a bhaineann leis na tríú tíortha a liostaítear in Iarscríbhinn V agus Iarscríbhinn VI, leis an bhfianaise agus leis na ráthaíochtaí maidir le comhlíonadh cheanglais ábhartha an Aontais a soláthraíodh cheana, cumhdaítear ullmhóidí feola coinín feirme agus leipirideach fiáin agus ullmhóid feola mamach talún fiáin seachas crúbacha agus leipiridigh.
- (5) Foráiltear le hAirteagal 6(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292, sa bhreis ar na ceanglais a leagtar síos i Rialachán (AE) 2017/625, nach bhfuil coinsíneachtaí bia-ainmhithe, táirgí de bhunadh ainmhíoch ná táirgí ilchodacha le teacht isteach san Aontas ach ó thríú tír a bhfuil plean rialaithe i bhfeidhm aici maidir le substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de, lotnaidicídí agus éilleáin.
- (6) Foráiltear le hAirteagal 7 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292, sa bhreis ar na coinníollacha a leagtar síos i Rialachán (AE) 2017/625, nach bhféadfaidh coinsíneachtaí bia-ainmhithe, táirgí de bhunadh ainmhíoch ná táirgí ilchodacha a theacht isteach san Aontas ach ó thríú tír a chomhlíonann na ceanglais dá bhforáiltear in Airteagal 6(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292 agus atá san áireamh sa liosta de thríú tíortha atá formheasta maidir leis na bia-ainmhithe nó na táirgí de bhunadh ainmhíoch lena mbaineann a theacht isteach san Aontas, liosta a leagtar amach in Iarscríbhinn -I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405.
- (7) Foráiltear le hAirteagal 8(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292, de mhaolú ar Airteagal 7, go bhféadfaidh coinsíneachtaí bia-ainmhithe, táirgí de bhunadh ainmhíoch agus táirgí ilchodacha teacht isteach san Aontas ó thríú tíortha nach bhfuil plean rialaithe formheasta acu maidir le substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de, lotnaidicídí agus éilleáin, ach a áirítear i dtaca leis na bia-ainmhithe agus na táirgí de bhunadh ainmhíoch, lena n-áirítear iad siúd a úsáidtear i dtáirgí ilchodacha, gur de thionscnamh Ballstát nó tríú tír a áirítear ar an liosta a leagtar amach in Iarscríbhinn -I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405 iad. Foráiltear le hAirteagal 8(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292, sa bhreis ar na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 127(3) de Rialachán (AE) 2017/625, nach ndéanfaidh an Coimisiún cinneadh maidir le tríú tír a chur ar an liosta dá dtagraítear in Airteagal 126(2), pointe (a), den Rialachán sin ach amháin má chuireann údarás inniúil an tríú tír sin fianaise agus ráthaíochtaí ar fáil don Choimisiún maidir le comhlíonadh na gceanglas a leagtar síos in Airteagal 8(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292. Is éard a bheidh san fhianaise agus sna ráthaíochtaí sin faisnéis maidir leis na nósanna imeachta atá i bhfeidhm sa tríú tír sin chun inrianaitheacht agus tionscnamh na mbia-ainmhithe sin agus na dtáirgí de bhunadh ainmhíoch sin a ráthú.
- (8) Liostaítear an Úcráin faoi láthair in Iarscríbhinn -I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405 le 'X' le haghaidh coinín agus táirgí de agus in Iarscríbhinn V i gcás 'coinín feirme amháin'. Chuir an Úcráin in iúl don Choimisiún, áfach, nach bhfuil suim aici feoil choinín a onnmhairiú a thuilleadh chuig an Aontas agus, dá bhrí sin, nár thug sí ráthaíochtaí maidir le comhlíonadh cheanglais Airteagal 6(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292. Dá bhrí sin, ba cheart an mharcáil 'X' le haghaidh coinín a bhaineann leis an Úcráin in Iarscríbhinn -I agus an iontráil a bhaineann leis an Úcráin in Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405 a scriosadh.
- (9) Liostaítear an Úcráin faoi láthair in Iarscríbhinn -I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405 le 'M' le haghaidh an dobarshaothraithe agus in Iarscríbhinn VIII a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin leis an ráiteas 'gastrapóid mhuirí amháin'. Níor sholáthair an Úcráin na ráthaíochtaí is gá maidir le comhlíonadh cheanglais ábhartha an Aontais. Dá bhrí sin, ba cheart an Úcráin a dhíliostú ó Iarscríbhinn VIII a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin agus, dá thoradh sin, ba cheart an mharcáil 'M' in Iarscríbhinn -I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405 le haghaidh an dobarshaothraithe a bhaineann leis an Úcráin a scriosadh.
- (10) Tá sé beartaithe ag an Albáin gan ach crústaigh amha ó na Ballstáit nó ó thríú tíortha eile arna bhformheas le haghaidh allmhairiú crústach amh isteach san Aontas a úsáid chun táirgí a tháirgeadh atá beartaithe lena n-onnmhairiú chuig an Aontas. Thug an Albáin na ráthaíochtaí is gá agus, dá bhrí sin, ba cheart í a léiriú ar an liosta le 'A' le haghaidh crústach in Iarscríbhinn -I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405.

- (11) Tá plean rialaithe le haghaidh cásálacha curtha isteach ag an Macadóin Thuaidh. Leis an bplean tugtar na ráthaíochtaí is gá agus ba cheart é a fhormheas dá bhrí sin. Dá bhrí sin, ba cheart an Mhacadóin Thuaidh a léiriú ar an liosta le 'X' le haghaidh crústach in Iarscríbhinn -I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405.
- (12) Tá plean rialaithe curtha isteach ag Uganda maidir leis an dobarshaothrá: iasc eite agus táirgí éisc eite. Leis an bplean tugtar na ráthaíochtaí is gá agus ba cheart é a fhormheas dá bhrí sin. Ina theannta sin, chuir Uganda fianaise agus ráthaíochtaí ar fáil go gcomhlíonann éisc eite agus táirgí éisc eite ceanglais ábhartha an Aontais. Dá bhrí sin, ba cheart Uganda a léiriú ar an liosta le 'X' le haghaidh an dobarshaothraithe: 'iasc eite agus táirgí éisc eite amháin' in Iarscríbhinn -I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405 agus leis an ráiteas céanna in Iarscríbhinn IX.
- (13) Tá plean rialaithe curtha isteach ag Poblacht na Círgise maidir le mil. Leis an bplean tugtar na ráthaíochtaí is gá agus ba cheart é a fhormheas dá bhrí sin. Dá bhrí sin, ba cheart Poblacht na Círgise a léiriú ar an liosta le 'X' le haghaidh meala in Iarscríbhinn -I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405.
- (14) Marcáiltear Iosrael le 'X' le haghaidh bainne in Iarscríbhinn -I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405. Rinne Iosrael iarraidh go n-áireofaí é ar an liosta dá dtagraítear in Airteagal 6(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292 le 'O' le haghaidh uibheacha in Iarscríbhinn -I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405. De réir na hiarrata sin, tá sé beartaithe ag Iosrael táirgí ilchodacha fadré ina bhfuil uibheacha a tháirgeadh agus a onnmhairiú chuig an Aontas. I gcomhréir le hAirteagal 2a(4) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405, ba cheart, dá bhrí sin, Iosrael a léiriú ar an liosta le 'O' le haghaidh uibheacha in Iarscríbhinn -I.
- (15) Tá an Túinéis marcáilte le 'X' le haghaidh an dobarshaothraithe in Iarscríbhinn -I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405. Rinne an Túinéis iarraidh go n-áireofaí é ar an liosta dá dtagraítear in Airteagal 6(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292 le 'O' le haghaidh bainne agus uibheacha in Iarscríbhinn -I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405. De réir na hiarrata sin, tá sé beartaithe ag an Túinéis táirgí ilchodacha fadré ina bhfuil táirgí déiríochta agus uibheacha a tháirgeadh agus a onnmhairiú chuig an Aontas. I gcomhréir le hAirteagal 2a(4) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405, ba cheart, dá bhrí sin, an Túinéis a léiriú ar an liosta le 'O' le haghaidh bainne agus uibheacha in Iarscríbhinn -I.
- (16) Tá sé beartaithe ag an Túinéis gan ach éanlaith chlóis ó na Ballstáit nó ó thríú tíortha eile arna bhformheas le haghaidh allmhairiú éanlaith clóis isteach san Aontas a úsáid chun táirgí a tháirgeadh atá beartaithe lena n-onnmhairiú chuig an Aontas. Thug an Túinéis na ráthaíochtaí is gá agus, dá bhrí sin, ba cheart í a léiriú ar an liosta le 'A' le haghaidh éanlaith chlóis in Iarscríbhinn -I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405.
- (17) Liostaítear an tSeapáin in Iarscríbhinn -I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405 le 'X' le haghaidh dobarshaothraithe le fonóta ina dtagraítear do 'iasc eite agus táirgí éisc eite amháin'. Mar sin féin, liostaítear an tSeapáin in Iarscríbhinn IX leis an ráiteas 'dobharshaothrá: iasc eite amháin'. Dá bhrí sin, ba cheart an ráiteas in Iarscríbhinn IX maidir leis an tSeapáin a athrú go 'dobharshaothrá: iasc eite agus táirgí éisc eite, agus iad sin amháin'.
- (18) Liostaítear an Úcráin in Iarscríbhinn -I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405 le 'X' le haghaidh dobarshaothraithe le fonóta ina dtagraítear do 'iasc eite agus táirgí éisc eite amháin'. Mar sin féin, liostaítear an Úcráin in Iarscríbhinn IX leis an ráiteas 'dobharshaothrá: iasc eite amháin'. Dá bhrí sin, ba cheart an ráiteas in Iarscríbhinn IX maidir leis an Úcráin a athrú go 'dobharshaothrá: iasc eite agus táirgí éisc eite, agus iad sin amháin'.
- (19) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405 a leasú dá réir.
- (20) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405 mar a leanas:

- (1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 8:

‘Airteagal 8

‘Liosta de thríú tíortha a údaraítear i dtaobh coinsíneachtaí d’fheoil úr coinín feirme, agus coinsíneachtaí d’fheoil úr leipirideach fiáin nach bhfuil scairteach inti seachas leipiridigh fhiáine neamhfheannta nach bhfuil dí-innithe, agus coinsíneachtaí d’ullmhóidí feola coinín feirme agus leipirideach fiáin, a theacht isteach san Aontas

I gcás coinsíneachtaí d’fheoil úr coinín feirme agus coinsíneachtaí d’fheoil úr leipirideach fiáin nach bhfuil scairteach inti, seachas leipiridigh fhiáine neamhfheannta nach bhfuil dí-innithe agus coinsíneachtaí d’ullmhóidí feola coinín feirme agus leipirideach fiáin, a bheartaítear lena gcaitheamh ag an duine, ní údarófar iad i dtaobh teacht isteach san Aontas ach amháin má thagann siad ó na thríú tíortha a liostaítear in Iarscríbhinn V.’;

- (2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 9:

‘Airteagal 9

‘Liosta de thríú tíortha a údaraítear i dtaobh coinsíneachtaí d’fheoil úr ó mhamaigh thalún fhiáine seachas crúbacha agus leipiridigh, nach bhfuil scairteach inti, agus coinsíneachtaí d’ullmhóidí feola mamach talún fiáin seachas crúbacha agus leipiridigh, a theacht isteach san Aontas

I gcás coinsíneachtaí d’fheoil úr ó mhamaigh thalún fhiáine seachas crúbacha agus leipiridigh, nach bhfuil scairteach inti, agus coinsíneachtaí d’ullmhóidí feola mamach talún fiáin seachas crúbacha agus leipiridigh, coinsíneachtaí a bheartaítear lena caitheamh ag an duine, ní údarófar iad i dtaobh teacht isteach san Aontas ach amháin má thagann siad ó na thríú tíortha a liostaítear in Iarscríbhinn VI.’

- (3) Leasaítear Iarscríbhinní -I, V, VI, VIII agus IX i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 28 Eanáir 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinní -I, V, VI, VIII agus IX a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405 mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn -I:

IARSCRÍBHINN -I

Liosta de thríú tíortha nó réigiúin sna tíortha sin a bhfuil plean rialaithe formheasta acu maidir le bia-ainmhithe áirithe agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a bheartaítear lena gcaitheamh ag an duine, dá dtagraítear in Airteagal 2a, Airteagal 3, Airteagal 6, an chéad mhír, Airteagal 7, an chéad mhír, Airteagal 10, an dara mír, Airteagail 11, 15, 16, 21 agus Airteagal 25, pointí (a) agus (c)

Cód ISO na Tíre	Tríú tír (!) nó réigiún sa tír sin	Bó-ainmhithe	Ainmhithe de chineál caorach/ ainmhithe de chineál gabhair	Muc-ainmhithe	Each-ainmhithe	Éanlaith chlóis	Dobhar-shaothrú ⁽¹⁶⁾	Bainne	Uibh-eacha	Coinín	Géim fiáin	Géim feirme	Mil	Cásálacha
AD	Andóra	X	X	Δ	X		P						X	
AE	Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha						Δ P	X ⁽²⁾ O	O					
AL	an Albáin		X				X ⁽¹³⁾ Δ ⁽¹⁴⁾ P	O	X					X
AM	an Airméin						X ⁽¹³⁾ P	O	O				X	
AR	an Airgintín	X	X		X	X	X ⁽¹³⁾ P	X	X	X	X	X	X	X
AU	an Astráil	X	X		X		X M	X	X		X	X	X	X
AZE	an Asarbaiseáin						X ⁽¹⁵⁾ P							
BA	an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin	X	X	X		X	X ⁽¹³⁾ P	X	X				X	
BD	an Bhanglaidéis						X P							
BF	Buircíne Fasó												X	
BJ	Beinin												X	
BN	Brúiné						X ⁽¹⁴⁾ P							

Cód ISO na Tíre	Tríú tír ⁽¹⁾ nó réigiún sa tír sin	Bó-ainmhithe	Ainmhithe de chineál caorach/ ainmhithe de chineál gabhair	Muc-ainmhithe	Each-ainmhithe	Éanlaith chlóis	Dobhar-shaothrú ⁽¹⁶⁾	Bainne	Uibh-eacha	Coinín	Géim fiáin	Géim feirme	Mil	Cásálacha
BR	an Bhrasaíl	X			X	X	X P	O	X				X	X
BW	an Bhotsuáin	X					P							
BY	an Bhealarúis				X ⁽⁷⁾		X ⁽¹³⁾ P	X	X				X	X
BZ	an Bheilís						X ⁽¹⁴⁾ P							
CA	Ceanada	X	X	X	X	X	X M	X	X	X	X	X	X	
CH	an Eilvéis ⁽⁶⁾	X	X	X	X	X	X ⁽¹³⁾ M	X	X	X	X	X	X	X
CL	an tSile	X	X ⁽⁴⁾	X		X	X ⁽¹³⁾ M	X			X		X	X
CM	Camarún												X	
CN	an tSín					X	X P	O	X	X			X	X
CO	an Cholóim						X P	O	Δ					
CR	Cósta Ríce						X P							
CU	Cúba						X ⁽¹⁴⁾ P						X	
DO	an Phoblacht Dhoiminiceach												X	
EC	Eacuadór						X P	O	O					
EG	an Éigipt													X
ET	an Aetóip												X	
FK	Oileáin Fháclainne	X	X ⁽⁴⁾											

Cód ISO na Tíre	Tríú tír ⁽¹⁾ nó réigiún sa tír sin	Bó-ainmhithe	Ainmhithe de chineál caorach/ ainmhithe de chineál gabhair	Muc-ainmhithe	Each-ainmhithe	Éanlaith chlóis	Dobhar-shaothrú ⁽¹⁶⁾	Bainne	Uibh-eacha	Coinín	Géim fiáin	Géim feirme	Mil	Cásálacha
FO	Oileáin Fharó						X ⁽¹³⁾ P	O	O					
GB	United Kingdom ⁽²⁾	X	X	X	X	X	X ⁽¹³⁾ Δ M	X	X	Δ	X	X	X	X
GE	an tSeoirsia												X	
GG	Geansaí						M	X						
GL	an Ghraonlainn		X ⁽⁴⁾				M					X		
GT	Guatamala						X ⁽¹⁴⁾ P	O	O				X	
HK	Hong Cong						Δ P		Δ					
HN	Hondúras						X P							
ID	an Indinéis						X P	O	O					
IL	Iosrael ⁽³⁾					X	X ⁽¹³⁾ P	X	O				X	
IM	Oileán Mhanann	X	X ⁽⁴⁾	X			X ⁽¹³⁾ M	X	O				X	
IN	an India					O	X P	O	X				X	X
IR	an Iaráin						X ⁽¹⁴⁾ X ⁽¹⁵⁾ P	O	O					X
JE	Geirsí	X					M	X	O					
JM	Iamáice						M							
JP	an tSeapáin	X		Δ		X	X ⁽¹³⁾ M	X	X				Δ	X

Cód ISO na Tíre	Tríú tír ⁽¹⁾ nó réigiún sa tír sin	Bó-ainmhithe	Ainmhithe de chineál caorach/ ainmhithe de chineál gabhair	Muc-ainmhithe	Each-ainmhithe	Éanlaith chlóis	Dobhar-shaothrú ⁽¹⁶⁾	Bainne	Uibh-eacha	Coinín	Géim fiáin	Géim feirme	Mil	Cásálacha
KE	an Chéinia						X ⁽¹³⁾ P							
KG	Poblacht na Círgise												X	
KR	Poblacht na Cóiré					X	X M	O	O				Δ	
KZ	an Chasacstáin												X	
LB	an Liobáin												X	X
LK	Srí Lanca						X P	O	O					
MA	Maracó					X	X ⁽¹³⁾ Δ M	O	O				X	X
MD	an Mholdóiv					X	X ⁽¹³⁾ P	X	X				X	
ME	Montainéagró	X	X	X		X	X ⁽¹³⁾ P	X	X				X	X
MG	Madagascar						X P	O	O				X	
MK	an Mhacadóin Thuaidh	X	X	X		X	X ⁽¹³⁾ P	X	X		X		X	X
MM	Maenmar/Burma						X P	O	O				X	
MN	an Mhongóil													X
MU	Oileán Mhuirís						X ⁽¹³⁾ P	O	O				Δ	
MX	Meicsiceo			Δ			X P	O	X				X	
MY	an Mhalaeisia					Δ	X P	O	O					

Cód ISO na Tíre	Tríú tír ⁽¹⁾ nó réigiún sa tír sin	Bó-ainmhithe	Ainmhithe de chineál caorach/ ainmhithe de chineál gabhair	Muc-ainmhithe	Each-ainmhithe	Éanlaith chlóis	Dobhar-shaothrú ⁽¹⁶⁾	Bainne	Uibh-eacha	Coinín	Géim fiáin	Géim feirme	Mil	Cásálacha
MZ	Mósaimbíc						X ⁽¹⁴⁾ P							
NA	an Namaib	X	X ⁽⁴⁾				P				X			
NC	an Nua-Chaladóin						X ⁽¹⁴⁾					X	X	
NG	an Nigéir						X ⁽¹⁴⁾ P							
NI	Nicearagua						X ⁽¹⁴⁾ P						X	
NZ	an Nua-Shéalainn	X	X	O		O	X ⁽¹³⁾ M	X	O	O	X	X	X	X
PA	Panama						X P	O	O					
PE	Peiriú						X M							
PH	na hOileáin Philipíneacha						X P	O	O					
PK	an Phacastáin													X
PM	Saint Pierre et Miquelon					X	P							
PY	Paragua	X					P							X
RS	an tSeirbia	X	X	X	X ⁽⁷⁾	X	X ⁽¹³⁾ P	X	X	X	X		X	X
RU	an Rúis	X	X	X		X	O P	X	X			X ⁽⁸⁾	X	X
RW	Ruanda												X	
SA	an Araib Shádach						X P	O	O					

Cód ISO na Tíre	Tríú tír ⁽¹⁾ nó réigiún sa tír sin	Bó-ainmhithe	Ainmhithe de chineál caorach/ ainmhithe de chineál gabhair	Muc-ainmhithe	Each-ainmhithe	Éanlaith chlóis	Dobhar-shaothrú ⁽¹⁶⁾	Bainne	Uibh-eacha	Coinín	Géim fiáin	Géim feirme	Mil	Cásálacha
SG	Singeapór	Δ	Δ	Δ		Δ	X P	Δ	Δ		X ⁽⁹⁾	X ⁽⁹⁾		
SM	San Mairíne	X		Δ			O P	X	O				X	
SV	an tSalvadóir												X	
SZ	Easuaitíní	X					P							
TG	Tóga												X	
TH	an Téalainn	O		O		X	X M	Δ	X				X	
TN	an Túinéis					Δ	X ⁽¹³⁾ M	O	O					X
TR	an Tuirc					X	X ⁽¹³⁾ M	X	X				X	X
TW	an Téaváin						X P	O	X				X	
TZ	an Tansáin												X	
UA	an Úcráin	X		X		X	X ⁽¹³⁾	X	X				X	X
UG	Uganda						X ⁽¹³⁾						X	
US	na Stáit Aontaithe	X	X ⁽¹⁰⁾	X		X	X M	X	X	X	X	X	X	X
UY	Uragua	X	X		X		X ⁽¹³⁾ M	X			X		X	X
UZ	an Úisbéiceastáin													X
VE	Veiniséala						X ⁽¹⁴⁾ P	O	O					
VN	Vítneam						X M	O	O				X	

Cód ISO na Tíre	Tríú tír ⁽¹⁾ nó réigiún sa tír sin	Bó-ainmhithe	Ainmhithe de chineál caorach/ ainmhithe de chineál gabhair	Muc-ainmhithe	Each-ainmhithe	Éanlaith chlóis	Dobhar-shaothrú ⁽¹⁶⁾	Bainne	Uibh-eacha	Coinín	Géim fiáin	Géim feirme	Mil	Cásálacha
WF	Wallis agus Futuna												X	
XK	An Chosaiv ⁽¹¹⁾					Δ								
ZA	an Afraic Theas						M P				X	X ⁽¹²⁾		
ZM	an tSaimbia												X	

⁽¹⁾ Liosta de thríú tíortha agus de chríocha (níl sé teoranta do thríú tíortha a aithníonn an tAontas).

⁽²⁾ Bainne camaill, agus é sin amháin.

⁽³⁾ Tuigtear anseo feasta gurb é Stát Iosrael é, cé is moite de na críocha faoi riar Stát Iosrael tar éis an 5 Meitheamh 1967, is é sin Arda Golan, Stráice Gaza, Iarúsailéim Thoir agus an chuid eile den Bhruach Thiar.

⁽⁴⁾ Speicis de chineál caorach, agus iad sin amháin.

⁽⁵⁾ I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) de Chreat Windsor (féach Dearbhú Comhpháirteach Uimh. 1/2023 ón Aontas agus ón Ríocht Aontaithe sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach an 24 Márta 2023 (IO L 102, 17.4.2023, lch. 87)), i gcomhar le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an gCreat sin, chun críocha na hIarscríbhinne seo, ní bhaineann tagairtí don Ríocht Aontaithe le Tuaisceart Éireann.

⁽⁶⁾ I gcomhréir leis an gComhaontú an 21 Meitheamh 1999 idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta (IO L 114, 30.4.2002, lch. 132).

⁽⁷⁾ Onnmhairiú eachainmhithe beo chun an Aontais a bhfuil sé beartaithe iad a mharú (bia-ainmhithe, agus na hainmhithe sin amháin).

⁽⁸⁾ Réinfhianna, agus iad sin amháin.

⁽⁹⁾ I gcás coinsíneachtaí d'fheoil úr de thionscnamh na Nua-Shéalainne, a bheartaítear a chur chuig an Aontas agus a bheidh á ndíluchtú, le stóráil nó gan stóráil, i Singeapór agus a bheidh á n-athlódáil i mbunaíocht fhorhmheasta le linn dóibh a bheith ar idirthuras trí Shingeapór, agus ina gcás siúd amháin.

⁽¹⁰⁾ Speicis de chineál gabhair, agus iad sin amháin.

⁽¹¹⁾ Ní dochar an t-ainmniú sin do sheasaimh maidir le stádas, agus tá sé ag teacht le UNSCR 1244/1999 agus le tuairim CBI maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive.

⁽¹²⁾ Raititigh, agus iad sin amháin.

⁽¹³⁾ Iasc eite agus táirgí éisc eite, agus iad sin amháin.

⁽¹⁴⁾ Crústaigh, agus iad sin amháin.

⁽¹⁵⁾ Táirgí éisc eite, agus iad sin amháin (e.g. Eochraí agus caibheár).

⁽¹⁶⁾ Le dobhharshaothrú, cumhdaítear iasc eite, lena n-áirítear eascanna, agus táirgí éisc eite (amhail eochraí agus caibheár) agus crústaigh. Na tríú tíortha nó réigiúin sna tíortha sin a liostaítear le haghaidh moilisc dhébhlaoscacha, eicínideirmigh, túinicigh agus gastrapóid mhuirí, bídis beo, fuaraithe, reoite nó próiseáilte, in Iarscríbhinn VIII, marcáiltear iad le 'M' sa cholún seo mar réamhshocrú.'

- (2) leasaítear Iarscríbhinn V mar a leanas:
- (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:
- ‘Liosta de thríú tíortha a údaraítear i dtaobh coinsíneachtaí d’fheoil úr coinín feirme, agus coinsíneachtaí d’fheoil úr leipirideach fiáin nach bhfuil scairteach inti seachas leipiridigh fhiáine neamhfheannta nach bhfuil dí-innithe, agus coinsíneachtaí d’ullmhóidí feola coinín feirme agus leipirideach fiáin a theacht isteach san Aontas, mar a thagraítear dóibh in Airteagal 8, Airteagail 18(4), 19(5) agus 20(4), agus Airteagal 25(e)’;**
- (b) scriostar an iontráil a bhaineann leis an Úcráin;

- (3) in larscríbhinn VI, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:
‘Liosta de thríú tíortha a údaraítear i dtaobh coinsíneachtaí d’fheoil úr ó mhamaigh thalún fhiáine seachas crúbacha agus leipiridigh, nach bhfuil scairteach inti, agus coinsíneachtaí d’ullmhóidí feola ó mhamaigh thalún fhiáine seachas crúbacha agus leipiridigh a theacht isteach san Aontas’;
- (4) in larscríbhinn VIII, scriostar an iontráil a bhaineann leis an Úcráin;
- (5) In larscríbhinn IX, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na n-iontrálacha a bhaineann leis an tSeapáin, leis an Úcráin agus le hUganda:

JP	an tSeapáin	Dobharshaothrú: Iasc eite agus táirgí éisc eite, agus iad sin amháin
UA	an Úcráin	Dobharshaothrú: Iasc eite agus táirgí éisc eite, agus iad sin amháin
UG	Uganda	Dobharshaothrú: Iasc eite agus táirgí éisc eite, agus iad sin amháin’